

Priontáil Wi-Fi

Tá Priontáil Wi-Fi ar fáil d'úsáideoirí atá ceangailte le NUIGWiFi agus le líonraí eduroam. Féach ar ár láithreán gréasáin don eolas is nuáí ar leaganacha/gléasanna a gcuirtear tacaíocht ar fáil ina leith.

Cé atá in ann an tseirbhís a úsáid?

Comhaltaí foirne nó mic léinn atá ceangailte le NUIGWiFi nó le líonra eduroam.

Céard a theastaíonn uaim chun teacht ar an tseirbhís?

- Creidmheas Priontála - is féidir é seo a cheannach ó bhothanna priontála nó ar an gcóras creidmheasa priontála ar líne.
- Nasc NUIGWiFi nó eduroam - ceangail do ríomhaire glúine ag úsáid na dtreoracha atá ar fáil sa treoir seo. Tá tuilleadh eolais le fáil ar ár láithreán gréasáin.
- Pacáiste Priontála gan sreang* - NÍ MÓR duit pacáiste priontála gan sreang a shuiteáil. Féach ar ár leathanach gréasáin chun eolas breise a fháil.
- Suiteáil an pacáiste priontála gan sreang dhá scuaine phriontála ar do ríomhaire glúine:

Wireless_BW_Release & Wireless_Colour_Release.

Tábhachtach - Ní phriontálann jabanna a sheoltar chuig na scuainí priontála go huathoibríoch. Coinnítear iad sa scuaine gan sreang ar feadh 24 uair an chloig go dtí go dtéann tú chuig stáisiún priontála chun iad a phriontáil. Tá sonraí maidir le cá bhfuil na stáisiúin phriontála lonnaithe ar fáil ar láithreán gréasáin ISS.

* **Tabhair faoi deara:** Teastaíonn uimhir aitheantais do Chuntais Campais uait chun jabanna priontála a sheoladh ar aghaidh chuig na scuainí gan sreang agus chun iad a phriontáil ag na stáisiúin phriontála.

An Pacáiste Priontála Gan Sreang a bhaint

Is féidir an pacáiste priontála gan sreang a bhaint trí na treoracha atá ar ár leathanaigh ghréasáin a leanúint. Ní ghlacann sé seo de ghnáth ach cúpla nóiméad.

nuigalway.ie/iss4staff/wifi

nuigalway.ie/iss4students/wifi

Tá Treoracha Gasta eile ag Réitigh & Seirbhísí Faisnéise (ISS) ar ár láithreán gréasáin nó tá siad ar fáil freisin in áiteanna éagsúla ar fud an champais.

Comhairle agus Tacaíocht

Tá comhairle agus tacaíocht le fáil faoin mbealach le seirbhísí IT a úsáid ó Dheasc Freastail na Leabharlainne & IT. Buail isteach - tá an Deasc Chabhrach lonnaithe i bhfohalla Leabharlann Shéamais Uí Argadáin. Molaimid duit cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin ISS (nuigalway.ie/iss4students/ & nuigalway.ie/iss4staff/) le comhairle agus eolas a fháil faoi na seirbhísí atá ar fáil sula ndéanann tú iarratas ar chuidiú.

Chomh maith leis sin, b'fhiú duit cuairt a thabhairt ar leathanach Facebook na Leabharlainne & IT (James Hardiman Library, NUI Galway) chun an t-eolas is deireanaí a fháil faoi stádas na seirbhíse.

Conas a dhéanfaidh mé iarratas ar chuidiú?

1. Logáil isteach i gCóras Tícead na Deisce Freastail (servicedesk.nuigalway.ie) agus oscail tícead.
2. Buail isteach chuig Deasc Freastail na Leabharlainne & IT atá lonnaithe i Leabharlann Shéamais Uí Argadáin (Urlár na Talún).
3. Glaoigh ar an Deasc Freastail ag (091) 495777.
4. Seol do cheist ar ríomhphost chuig servicedesk@nuigalway.ie.

Aiseolas

Fáiltimid roimh aon aiseolas faoin taithí a bhí agat lenár seirbhís agus aon mholtaí chun feabhais. Féadfaidh tú freagra a thabhairt ar an Suirbhé a chuirtear ar fáil agus do thicéad á dhúnadh nó féadfaidh tú do chuid moltaí a sheoladh chomh maith chuig servicedesk@nuigalway.ie agus 'Aiseolas' i líne an ábhair.

Tá sé tábhachtach go mbeimid ar an eolas faoi áiteanna a bhfuil droch-chlúdach ón líonra gan sreang ann. Inis dúinn má thugann tú aon bhriseadh sa tseirbhís Wi-Fi faoi deara. Tabhair an oiread eolais agus is féidir leat, i.e. ionad, seomra, gléas, bogearraí agus leagan etc. Cabhróidh sé seo linn ár seirbhís a fheabhsú duit.



An bhfuil dearmad déanta agat ar phasfhocal do Chuntais Campais?

Téigh ar líne chuig CASS – cass.nuigalway.ie agus cliceáil ar 'Forgot Password'



Treoir Ghasta Wi-Fi

Féach láithreán gréasáin ISS (Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise) chun teacht ar an eolas is déanaí:

nuigalway.ie/iss4staff/wifi

nuigalway.ie/iss4students/wifi

TABHAIR FAOI DEARA: NÍ IARRFAIDH Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise (ISS) ná aon Aonad eile de chuid na hOllscoile pasfhocal do Chuntais Campais ort tríd an rphost ná do chuntas a dhearbhu GO DEO.

Líonraí gan sreang in OÉ Gaillimh

Is féidir leat ceangal leis an Idirlíon ar an gcampas ar cheachtar de na bealaí seo:

1. NUIGWIFI—is gá do shonraí a chur isteach gach uair a cheanglaíonn tú.
2. Eduroam—beidh do nasc líonra seasmhach tar éis duit ceangal agus cumrú an chéad uair, i.e. athcheanglóidh an nasc gach uair a thagann tú chomh fada le OÉ Gaillimh.

Mura bhfuil eduroam úsáidte agat cheana, b'fhéidir go mbeadh ort ceangal leis an Idirlíon ar dtús trí NUIGWIFI nó trí líonra eile chun teacht ar an suiteálaí eduroam (CAT) chun do ghléas a chumrú.

Ba cheart go mbeadh bogearraí frithvireas uasdátaithe ag gach duine a úsáideann an líonra gan sreang agus ba cheart go mbeadh gach paiste criticiúil don Chóras Oibriúcháin curtha i bhfeidhm agus gníomhach. B'fhéidir go mbeadh réamhrachtanais ar leith de dhíth i gcás gléasanna áirithe chun nasc a dhéanamh le líonra gan sreang na hOllscoile. Féach ar ár láithreán gréasáin chun tuilleadh eolais a fháil.

NUIGWIFI

Tá an líonra gan sreang beartaithe rochtain éasca ar an Idirlíon a sholáthar do mhic léinn, comhaltaí foirne agus aionna.

Tabhair faoi deara: Ní hionann agus líonra gan sreang eduroam, ní nasc dianseasmhach atá i gceist agus tú ag ceangal le líonra NUIGWIFI. Ní stóráiltear/ní thaisctear do chuid d'fhíorú agus beidh siad le cur isteach as an nua gach uair a cheanglaítear leis agus freisin má fhágtar gléas díomhaoin ar feadh tréimhse ama.

[Cé atá in ann an tseirbhís a úsáid?](#)

Is féidir le **comhaltaí foirne/mic léinn** OÉ Gaillimh NUIGWIFI a úsáid ar an gcampas.

Ní mór do **rannpháirtithe comhdhála** teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Comhdhála chun rochtain shealadach a fháil ar líonra gan sreang NUIGWIFI.

Is féidir le **cuairteoirí** a thagann chuig an Ollscoil cuntas sealadach a fháil ach é a iarraidh ar an té a bhfuil siad ar cuairt air/uirthi.


Is féidir le **cuairteoirí ón bpobal** cuntas sealadach a fháil ó Dheasc Freastail na Leabharlainne & IT ar theacht dóibh.

[Cén chaoi a dtéim isteach ar NUIGWIFI?](#)

Mic léinn/Comhaltaí foirne - Logáil isteach le huimhir aitheantais agus pasfhocal do Chuntais Campais.

Cuairteoirí/lucht freastail ar chomhdhála/cuairteoirí ón bpobal - Logáil isteach leis an uimhir aitheantais agus pasfhocal a tugadh duit.

1. Roghnaigh NUIGWIFI ó na líonraí atá ar fáil.
2. Nuair a osclaítear brabhsálaí gréasáin beidh ort logáil isteach.
3. Cuir isteach uimhir aitheantais agus pasfhocal do Chuntais Campais:



Network Authentication
Please enter user credentials

12345678

OK Cancel

Eduroam

Is seirbhís é **eduroam** atá ar fáil ar fud an domhain d'institiúidí oideachais a thugann rochtain gan sreang ar an Idirlíon d'úsáideoirí oideachais agus taighde in institiúidí atá ceangailte le eduroam trí logáil isteach leis na dintiúir úsáideora a úsáideann siad de ghnáth ina n-institiúid bhaile.

Ba cheart duit ceangal le eduroam ó d'institiúid bhaile.

[Cé atá in ann an tseirbhís a úsáid?](#)

Is féidir le **comhaltaí foirne/mic léinn OÉ Gaillimh** eduroam a úsáid ar an gcampas agus in institiúidí eile atá ceangailte le eduroam.

Cuairteoirí go dtí OÉ Gaillimh ó institiúidí eile atá ceangailte le eduroam.

[Déan do ghléas féin a chumrú](#)

Is féidir leat do ghléas a chumrú go huathoibríoch le huirlis suiteálaí eduroam (CAT). D'fhéadfadh suiteáil láimhe a bheith i gceist le gléasanna ar leith. Téigh chuig ár láithreán gréasáin chun tuilleadh eolais a fháil faoi chumrú láimhe.

[Suiteálaí eduroam \(CAT\)](#)

Déanann suiteálaí eduroam (CAT) cumrú uathoibríoch ar na socrúithe stándála ar do ghléas chun a chinntiú go bhfuil na cinn mholta in úsáid agat. Tar éis dó a bheith cumraithe, deimhneoidh do ghléas ar dtús go bhfuil sé ag nascadh le freastalaí fíordheimhnithe ceart agus ní sheolfaidh sé do phasfhocal go deo chuig ceann nach bhfuil iontaofa.

Déanann GÉANT síniú digiteach ar shuiteálaí eduroam CAT rud a chinntiú a údaracht—tá GÉANT Association le feiceáil sa bharr seoltaí URL.

Nuair a cheanglaíonn tú ó ghléas a cumraíodh le láimh d'fhéadfadh do shlándáil a bheith i mbaol.


Seo a leanas URL don suiteálaí eduroam: <https://cat.eduroam.org>

[Cén chaoi a dtéim isteach ar eduroam?](#)

Tabhair faoi deara: Ní bheidh ort an t-eolas seo a chur isteach ach aon uair amháin ar gach gléas.

Chun ceangal le líonra eduroam, úsáid Suiteálaí Eduroam atá ar fáil ar <https://cat.eduroam.org>:

1. Cuir isteach uimhir aitheantais an chuntais campais@nuigalway.ie agus pasfhocal do Chuntais Campais, e.g. 12345678@nuigalway.ie.



Network Authentication
Please enter user credentials

12345678@nuigalway.ie

OK Cancel

2. Ag brath ar an ngléas atá agat d'fhéadfadh sé go dtiocfadh teachtaireacht faoi theastas stándála aníos. Roghnaigh 'Accept and Connect'.

Fadhbanna logáil isteach?

Má bhíonn aon fhadhb agat logáil isteach ar an líonra Wi-Fi tá cúpla nod thíos chun cabhrú leat na fadhbanna sin a réiteach:

1. Cinntigh go bhfuil Wi-Fi ag feidhmiú: An bhfuil sé ar siúl? Tá cnaipe seachtar ar roinnt ríomhairí glúine, úsáidtear an eochair fn + ceann de an heochracha F ar chinn eile (go hiondúil an ceann leis an tsiombail Wi-Fi air).

Is féidir leat Wi-Fi a chur ar siúl chomh maith tríd an bpainéal rialúcháin.

2. Seiceáil go bhfuil seoladh IP agat ar an líonra gan sreang.
3. Cinntigh nach bhfuil aon socrúithe seachfhreastalaí ar do bhrabhsálaí.
4. Má tá tú ag ceangal le eduroam agus má tá fadhbanna agat b'fhéidir go mbeadh ort an phróifíl eduroam a socrú agus a athshuiteáil. Braithfidh an próiseas seo ar an gcineál gléas atá agat.
5. Cinntigh go bhfuil do Chuibheoir Líonra gan sreang cothrom le dáta.
6. Seiceáil do chuibheoir líonra. Bain triail as IPV6 a dhíchumasú. Faoi IPV4 cinntigh go bhfuil 'obtain an IP address' agus 'DNS server automatically' socrúithe agus go bhfuil gach réimse folamh.
7. Cinntigh go bhfuil do chárta gan sreang cumraithe de réir shonraíochtaí an déantúsóra.
8. Sa chás go bhfuil tú ag fáil leideanna ar bhonn rialta chun fíordheimhniú arís tar éis tréimhsí gearra díomhaointis, b'fhéidir go mbeadh ort na socrúithe móidí codlata ar do ghléas a athrú.

Painéal rialúcháin > Roghanna Cumhachta > Athraigh cén uair a théann an ríomhaire ina chodladh (NUIGWIFI).

Chun nasc seasmhach Wi-Fi a fháil ar an gcampas moltar duit ceangal le eduroam.
9. Mura lódálann an leathanach logála isteach nuair atá NUIGWIFI in úsáid agat, cinntigh gur http://URL e.g. <http://www.nuigalway.ie> atá ar leathanach baile do bhrabhsálaí (seachas https:// nó prótacal eile).

Mura bhfuil réiteach na faidhbe faighte agat tá tuilleadh eolais ar ár láithreán gréasáin. Is féidir le mic léinn agus le comhaltaí foirne logáil isteach ar aon ríomhaire in aon cheann de na ríomhlanna oscailte ar an gcampas. Más cuairteoir chuig OÉ Gaillimh tú tá ríomhairí aonair ar fáil i Leabharlann Shéamais Uí Argadáin áit ar féidir leat teacht ar an eolas seo.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le fadhbanna Wi-Fi a réiteach féach ar na leathanaigh ghréasáin a leanas:

nuigalway.ie/iss4students/wifi

nuigalway.ie/iss4staff/wifi

nuigalway.ie/iss4staff/wifi

nuigalway.ie/iss4students/wifi